C/2026/902

11.2.2026

Foilsiú iarratais ar chlárú ainm de bhun Airteagal 50(2), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí

(C/2026/902)

Tar éis an fhoilsithe seo, féadfaidh údaráis Bhallstáit nó údaráis tríú tír nó duine nádúrtha nó dlítheanach ag a bhfuil leas dlisteanach agus atá bunaithe nó a bhfuil cónaí air i dtríú tír, freasúra a thaisceadh leis an gCoimisiún laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilsithe seo, i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]).

DOICIMÉAD AONAIR

‘Äpplen från Äppledalen’

Uimh. AE: PGI-SE-02969 — 21.6.2023

ATFC ( ) TGFC (X)

1. **Ainm nó ainmneacha [an ATFC nó an TGFC]**

‘Äpplen från Äppledalen’

2. **Ballstát nó Tríú Tír**

An tSualainn

3. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta nó táirge bia**

3.1. *Cineál an táirge*

Aicme 1.6. Torthaí, glasraí agus gránaigh, iad úr nó próiseáilte

Cód Ainmníochta Comhcheangailte

0808 10 - Úlla

3.2. *Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm in (1)*

Tagraíonn an t-ainmniúchán faoi chosaint ‘Äpplen från Äppledalen’ d’úlla (*Malus domestica Borkh.*) de na cineálacha seo a leanas: Discovery, Elise, Gravensteiner, Ingrid-Marie, Rubinola agus Santana, a shaothraítear in Äppledalen.

Ní mór d’úlla a mhargaítear faoin ainmniúchán faoi chosaint ‘Äpplen från Äppledalen’ na caighdeáin trádála le haghaidh úlla Aicme 1 a chomhlíonadh agus ní mór saintréithe an chineáil lena mbaineann a bheith i gceist leo.

Saintréithe fisiceacha

Méid:

55-85 mm ar trastomhas

([1]) Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11.4.2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 (IO L, 2024/1143, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1143/oj).

Cruth:

Cineál	Cruth
Discovery	Úll meánmhéide a mbíonn cuma sféir leacaithe air nach mbíonn aon ribe soiléir air. Bíonn an imlíne cruinn.
Elise	Úll mór, cónúil/oblátach ar leithead a mbíonn iomairí ísle timpeall a chailíse, ar iomairí iad a athraíonn go ribí ísle ar fud an toraidh ar fad. Bíonn an imlíne beagnach cruinn agus beagán uilleach.
Gravensteiner	Úll mór a mbíonn an-éagsúlacht i gceist lena chruth. Bíonn meallta thart ar chuas pistile an úill a athraíonn go ribí aníos chomh fada leis an gcuas gais. Bíonn an imlíne uilleach.
Ingrid-Marie	Úll meánmhéide a mbíonn cuma sféir leacaithe air agus nach mbíonn ribí air.
Rubinola	Úll meánmhéide cruinn, a mbíonn cuma sféir leacaithe/beagáinín cónúil air agus bíonn ribí ísle leathana a d'fhéadfadh síneadh píosa anuas ar fud an toraidh. Bíonn an imlíne cruinn/beagán uilleach.
Santana	Úll méanmhéide a mbíonn cruth cruinn cónúil air agus a mbíonn ribí soiléire, ar ribí leathana iad go minic, ag síneadh trasna an toraidh. D'fhéadfadh neamhshiméadracht áirithe a bheith mar thoradh ar na ribí, agus taobh amháin níos airde ná an taobh eile. Cuireann sé sin le cruth sainiúil an toraidh.

Eipeacarp:

Cineál	Saintréith
Discovery	Craiceann neamhlonrach/beagáinín lonrach de thiús meánach agus ina mbíonn buanfas in aghaidh láimhseála. Bíonn dath glasbhuí/buí ar chúl an úill. Bíonn dath glédhearg ar an taobh a bhíonn ar aghaidh na gréine nó ar an gcuid is mó den toradh, dath a bhíonn idir leanúnach agus beagán stríocach. Bíonn na spotaí ar an gcraiceann beag, agus bíonn dath glasbhuí/buí an chúil agus dath éadrom orthu.
Elise	Craiceann de thiús meánach, beagán lonrach, beagáinín searbh. D'fhéadfadh dath donnrua a bheith ar an dromchla. Dea-bholadh éadrom, deas. Bíonn dath glasbhuí/buí ar chúl an úill. Bíonn dath donndearg leanúnach nó beagán stríocach ar an gcuid is mó den toradh.
Gravensteiner	Craiceann tanaí, lonrach, dath buí ar chúl an úill agus dath sú craobh stríocach cosúil le lasair ar an taobh a bhíonn ar aghaidh na gréine.
Ingrid-Marie	Craiceann de thiús meánach, neamhlonrach a mbíonn dea-bholadh maith air. Bíonn dath glasbhuí ar chúl an úill nuair a bhaintear é agus buí nuair a bhíonn sé aibí. Bíonn an chuid is mó den toradh clúdaithe le dath dúdhearg rialta a mbíonn imir ghorm ann.
Rubinola	Craiceann de thiús meánach, beagán lonrach. Dea-bholadh láidir, deas. Bíonn dath éadrom glasbhuí ar chúl an úill nuair a bhaintear é agus buí nuair a bhíonn sé aibí. Bíonn an chuid is mó den úll clúdaithe le stríoca agus spotaí dearga dlútha.
Santana	Craiceann tiubh, beagán lonrach. Éiríonn sé righin nuair a stóráiltear an t-úll. D'fhéadfadh sé a bheith beagán searbh agus d'fhéadfadh marcálacha donnrua a bheith air. Dea-bholadh láidir, deas. Bíonn dath glasbhuí/buí ar chúl an úill. Bíonn dath dearg teolaí leanúnach ar an gcuid is mó den toradh mar aon le himireacha éadroma de stríoca dearga níos dorcha. Bíonn dath glasliath ar na spotaí a bhíonn ar an gcraiceann.

Méiseacarp:

Cineál	Saintréith
Discovery	Bánbhuí, bándearg uaireanta. Úrbhriosc, súmhar. Iompaíonn sé donn go mall.
Elise	Buí éadrom, teann agus ansin úrbhriosc, súmhar. Iompaíonn sé beagán donn nó ní athraíonn an dath ar chor ar bith.
Gravensteiner	Bánbhuí ina mbíonn stríoca buí. Úrbhriosc agus súmhar.
Ingrid-Marie	Bánbhuí agus ton níos buí ar an taobh a bhíonn ar aghaidh na gréine, teann agus ansin úrbhriosc, súmhar agus milis. Dea-bholadh maith. Iompaíonn sé donn go mall.
Rubinola	Buí, teann, súmhar. Ní iompaíonn an dath donn ar chor ar bith
Santana	Buí, teann agus ansin úrbhriosc. An-súmhar. Is ar éigean a iompaíonn sé donn ar chor ar bith.

Teinne:

Cineál	Teinne nuair a bhuantar é (kg/cm²)
Discovery	6,8 - 8,5
Elise	7,5 — 9,5
Gravensteiner	7,2 — 8,2
Ingrid-Marie	7,0 — 9,4
Rubinola	7,0 — 8,5
Santana	6,5 — 7,8

Saintréithe ceimiceacha

Cineál	Aigéad toirtmheasctha (g/lítear)	Milseacht (° Brix)
Discovery	5,0 — 6,5	9,7 — 11,3
Elise	7,4 — 8,7	8,5 — 10,3
Gravensteiner	8,0 — 9,5	8,5 — 10,5
Ingrid-Marie	6,0 — 7,5	12,6 — 13,9
Rubinola	7,0 — 8,4	13,0 — 14,5
Santana	6,6 — 7,8	12,0 — 13,2

Saintréithe orgánaileipteacha

Cineál	Blas/Dea-bholadh
Discovery	Dea-bholadh láidir. Aigéadacht mhilis agus mheánach. Blas sútha talún agus sútha talún fiáine. Cuireann na hoícheanta fionnuara sa limistéar bithsféir le húire an bhlais agus cuireann siad leis na mionbhlasanna caor, agus cuidíonn laethanta gréine leis na hathruithe datha tarraingteacha a thagann ar an gcraiceann agus leis an tréscaoileadh láidir datha i mbia na dtorthaí a chruthú.
Elise	Milis, sách aigéadach. Dea-bholadh maith. Blas piorraí agus meala. Bíonn rath ar an gcineál sin in aeráid chobhsaí an limistéir bithsféir. Fágann an fómhar séimh agus éifeacht chothromaithe teochta Loch Vättern go n-aibíonn na torthaí go mall, rud a fhorbraíonn an chothromaíocht chasta idir milseacht agus aigéadacht a bhíonn i gceist leo. Ligeann an tréimhse aibithe leathnaithe do dhea-bholadh ar nós an phiorra an chineáil sin forbairt go hiomlán agus súmhaireacht agus cáilíochtaí coinneála na dtorthaí á n-áirithiú an tráth céanna.

Cineál	Blas/Dea-bholadh
Gravensteiner	An-chumhra mar aon le haigéadacht úr agus iarbhlas a mhaireann tamall fada. Blas oráistí agus caor dearg. Cuirtear leis an dea-bholadh cumhachtach ós rud é go bhfásann an t-úll ar fhánaí dea-dhraenáilte lán le mianraí Thírdhreach Scairp Thoir Vättern, áit a chuireann rian tainniní leo freisin, rud a fhágann go bhfuil an cineál uathúil dár gcrios saothraithe. Le miocraeráid uathúil an limistéir atá gar do Loch Vättern, cosnaítear torthaí ar shioc luath an earraigh, rud a thairbhíonn do shéasúr bláthaithe íogair chineál Gravensteiner agus a chuidíonn le buaint áirithe ardcháilíochta a áirithiú.
Ingrid-Marie	An-chumhra, a mbíonn blas mandairín, plumaí agus neachtairín air. Spíosrach mar aon le mionbholaithe cainéil. Aigéadacht mheánach, milseacht ard. Forbraíonn craiceann dúdhearg ina mbíonn imireacha gorma an chineáil sin go hiomlán i dTírdhreach Scairp Thoir Vättern a bhuí leis na hoícheanta fionnuara a spreagann foirmiú antóiciaininí (líocha).
Rubinola	Milis agus aigéadacht ard. Blas torthaí trópaiceacha, anainn agus páiseoga. Éiríonn go han-mhaith le Rubinola i dTírdhreach Scairp Thoir Vättern mar gheall ar shéasúr fáis fada an limistéir, lena ngabhann oícheanta fionnuara agus go leor uaireanta gréine a chuidíonn le blasanna casta forbairt. Tá ról ag an bhfo-ithir atá lán le mianraí i ndea-bholadh uathúil Rubinola agus ina chothromaíocht idir aigéadacht agus milseacht a chruthú. Cosnaíonn a chraiceann dlúth, a fhorbraítear sa mhiocraeráid sin, an t-úll ar dhamáiste agus coinníonn sé súmhar é go dtí go dtomhlaítear é.
Santana	Milis, rian éadrom de mhionbhlas aigéid thartaraigh. Dea-bholadh maith lena ngabhann mionbholadh fíonchaor milis. Cuireann oícheanta fada te an tsamhraidh agus oícheanta fionnuara an fhómhair moill ar riospráid an toraidh, ar an gcaoi sin caomhnaítear a aigéadacht a mbíonn próifíl bhlais úr shainiúil mar thoradh air.

3.3. *Beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch amháin) agus amhábhair (i gcás táirgí próiseáilte amháin)*

—

3.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Ní mór gach céim ó shaothrú go buaint úlla 'Äpplen från Äppledalen' a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe ar a dtugtar tuairisc i bpointe 4.

3.5. *Rialacha sonracha maidir le sliseadh, grátáil, pacáistiú, etc. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Chun saintréithe úlla 'Äpplen från Äppledalen' a chaomhnú ón mbuaint go dtí an dáileadh agus chun inrianaitheacht a áirithiú, ní mór na húlla a fhuarstóráil agus a phacáil laistigh den limistéar táirgeachta ar a dtugtar tuairisc i bpointe 4.

3.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

—

4. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Tá teorainn ag limistéar táirgeachta úlla 'Äpplen från Äppledalen' san iarthar le bóthar an E4 (de réir leagan amach an bhóthair i mí Eanáir 2022), ó thuaidh le líne ó chúinne thiar theas anaclann dúlra Säbybranten (N 6416248 E 457528) go Tolarp (N 6418496 E 461312) (SWEREF 99), ar an taobh thoir le líne ó Tolarp go Ulvenstorp (N 6412592 E 464296) agus ó dheas le líne ó Ulvenstorp go Brunnstorp (an tarbhealach faoi bhóthar an E4; N 6409081 E 456692).

5. **Nasc leis an limistéar geografach**

Tá an iarraidh ar an TGFC 'Äpplen från Äppledalen' a chlárú bunaithe ar an nasc idir saintréithe an táirge agus an limistéar geografach.

Gnéithe sainiúla atá nasctha leis an táirge

Saintréith d'úlla 'Äpplen från Äppledalen' is ea a dhath gléineach agus an chothromaíocht ann idir aigéad torthaí ar leith agus milseacht dhea-chalabraithe.

Tá craiceann níos tanaí ar úlla 'Äpplen från Äppledalen' ná mar atá ar úlla comhchosúla a shaothraítear níos faide ó dheas san Eoraip. Áirithítear le láimhseáil úlla 'Äpplen från Äppledalen' nach ndéantar damáiste do na húlla le linn a mbainte, stórála agus pacála d'ainneoin a gcraiceann níos tanaí.

A bhuí lenár n-ionaid phacála féin agus ár ngaireacht do mhórdhíoltóir, bíonn úlla 'Äpplen från Äppledalen' súmhar nuair a shroicheann siad an custaiméir.

Murab ionann agus úlla a allmhairítear nó a thugtar isteach ó áiteanna eile, ní dhéantar úlla 'Äpplen från Äppledalen' a chéiriú ná a chóireáil go ceimiceach tar éis a mbuainte.

Nasc

Braitheann saintréithe úll 'Äpplen från Äppledalen' ar dhálaí nádúrtha sonracha Äppledalen agus ar eolas na saothróirí ar an gcaoi is fearr úsáid a bhaint as na dálaí sin i saothrú úll.

Trasnaíonn Äppledalen Anaclann Bhithsféir Thírdhreach Scairp Thoir Vättern (https://ostravatterbranterna.se) ón oirthuaisceart go dtí an t-iardheisceart. Síneann an gleann ón bpointe is airde san oirthuaisceart le fána chomh fada le Loch Vättern, an cúigiú loch is mó san Eoraip. Le suíomh geografach, dálaí ithreach (cré, gaineamh, dríodar oighreach abhann agus moiréin ina bhfuil stríoca de ghabró bunúsach atá ilchothaitheach agus a mhionbhruitear go héasca) Äppledalen agus a ghaireacht do Loch Vättern, cruthaítear tírdhreach atá breac le limistéir bheaga saothraithe ina bhfuil dálaí maithe maireachtála do phailneoirí fiáine agus dálaí den scoth chun go bhfásfaidh úlla a bhfuil saintréithe speisialta 'Äpplen från Äppledalen' iontu.

Fágann suíomh ó thuaidh Äppeldalen go mbíonn go leor uaireanta gréine láidir ann le linn an tséasúir fáis, agus bíonn an mheánteocht laethúil idir beagán os cionn 25 °C i rith an lae agus thart ar 5 °C san oíche. Fágann an suíomh sin ó thuaidh freisin nach mbíonn an oiread céanna ionsaithe ann ó lotnaidí (fungais agus feithidí), rud a laghdaíonn an gá táirgí cosanta plandaí a úsáid.

Fágann a ghaireacht do thaiscumar mór Loch Vättern go mbíonn na gaotha aniar aneas a shéideann isteach ón loch i dtreo Äppeldalen fuar, rud a chuireann moill ar shéasúr blátha na gcrann úll tráth a bhfuil baol mór ann go ndéanfaí damáiste do na bláthanna de bharr seaca. San fhómhar, téann uisce te Loch Vättern na gaotha aniar aneas, rud a laghdaíonn an baol go mbeidh sioc trom ann san oíche agus a leathnaíonn céim aibithe 'Äpplen från Äppledalen' le linn an trátha den bhliain ina mbíonn an difríocht is mó idir teocht an lae agus teocht na hoíche.

Leis na huaireanta gréine sin, an solas cumhachtach, an tréimhse aibithe fhada agus an éagsúlacht mhór teochta i rith an lae, tugtar dath gléineach, aigéad torthaí ar leith agus milseacht chothrom d'úlla 'Äpplen från Äppledalen', chomh maith le craiceann níos tanaí ná mar a bhíonn ar na cineálacha céanna nuair a shaothraítear níos faide ó dheas iad.

Mar shampla, cuireann oícheanta fada te fionnuara an fhómhair i dTírdhreach Scairp Thoir Vättern moill ar riospráid na dtorthaí, rud a chaomhnaíonn aigéadacht an chineáil Santana agus a mbíonn próifíl bhlais úr shainiúil mar thoradh air. Cuirtear leis an dea-bholadh cumhachtach ós rud é go bhfásann an t-úll ar fhánaí dea-dhraenáilte lán le mianraí Thírdhreach Scairp Thoir Vättern, áit a chuireann rian tainniní leo freisin, rud a fhágann go bhfuil an cineál Gravensteiner uathúil dár gcrios saothraithe.

Is féidir le craiceann dúdhearg ina mbíonn imireacha gorma an chineáil Ingrid-Marie forbairt go hiomlán i dTírdhreach Scairp Thoir Vättern mar gheall ar na hoícheanta fionnuara a spreagann foirmiú antóiciaininí (líocha).

Braitheann saintréithe 'Äpplen från Äppledalen' ar eolas na saothróirí ar na dálaí áitiúla i dtírdhreach Äppeldalen atá breac le limistéir bheaga saothraithe agus ar riachtanais ar leith gach cineáil a mhéid a bhaineann le dálaí saothraithe, dálaí aeráide agus dálaí ithreach. Treoraíonn an t-eolas sin roghnú láithreán saothraithe gach cineáil aonair agus treoraíonn sé an chaoi a dtugtar aire do na plandaí.

Tá saothrú 'Äpplen från Äppledalen' deimhnithe ó thaobh na haeráide de (*IP Sigill, torthaí agus glasraí*), mar sin tá rialacha dochta ann maidir le leasú, uisciú agus úsáid táirgí cosanta plandaí. Ní mór do shaothróirí a léiriú go bhfuil gá le leasú atá curtha in oiriúint do mhéid réamh-mheasta na buainte trí anailís ithreach a dhéanamh. Ar an gcaoi chéanna, ní mór do shaothróirí anailís a dhéanamh ar ar ann d'fheithidí lotnaidí agus ar an líon feithidí lotnaidí ann trí shampláil chun a léiriú go bhfuil gá le rialú lotnaidí.

Is de réir riachtanais gach cineáil úll agus dálaí áitiúla a chinntear an chaoi a bprúnálann saothróirí na crainn agus a chinntear a mhéid is gá iad a uisciú le huisce as Loch Vättern le linn an tséasúir.

Chun an bhuaint uasta úll ina bhfuil gnáth-shaintréithe 'Äpplen från Äppledalen' a bhaint amach, cosnaíonn saothróirí pailneoirí fiáine atá sna láithreáin saothraithe tríd an mbithéagsúlacht a chaomhnú agus trí óstáin feithidí a chur ar bun.

Is gá úlla a bhfuil craiceann tanaí orthu a láimhseáil ó bhuaint go pacáil. Chun saintréithe úll 'Äpplen från Äppledalen' a chaomhnú, baintear na húlla de láimh agus stóráiltear iad i stóras OFÍ (Ocsaigin Fhíoríseal) go dtí go bpacáiltear de láimh iad lena seachadadh chuig custaiméirí. Deimhníonn an fhuarstóráil agus an phacáil gur féidir na húlla súmhara ina bhfuil gnáth-shaintréithe úlla 'Äpplen från Äppledalen' a sheachadadh chuig an gcustaiméir deiridh.

Tagairt d'fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://www.livsmedelsverket.se/4aa000/globalassets/foretag-regler-kontroll/livsmedelsinformation-markning-halsopastaenden/skyddade-beteckningar/ansokan-om-skyddad-beteckning---applen-fran-appledalen_251022.pdf